MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS Fianaise

Freagraí ar Shláinte an Duine

Ailtireachta & Oidhreachta Cultúrtha

le

**An Dr Martin Hogan FRCPI FFOM**

**Corporate Health Ireland**

**20 Feabhra 2020**

# 1 Cáilíochtaí agus Taithí

1.1 An Dr Martin Gerard Hogan is ainm dom agus tá céim leighis agam ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh (1987). I measc cáilíochtaí eile, is Comhalta mé sa Dámh um Míochaine Shaothair i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann agus is Comhalta mé freisin de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann ó 2009 i leith.

1.2 Is speisialtóir cláraithe mé sa mhíochaine shaothair le Comhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn. Is Comhairleach lánaimseartha Saothair & Timpeallachta mé faoi láthair. Ba Dhéan mé tráth den Dámh um Míochaine Shaothair i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann. Is Léachtóir sa Tocsaineolaíocht mé i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Is sainoiliúnóir mé sa mhíochaine shaothair ó 1997 i leith. Is scrúdaitheoir mé leis an Dámh. Tá mé i mo Bhall de Bhord an International Commission of Occupational Health.

1.3 Is iad seo a leanas mo réimsí sainspéise: Tocsaineolaíocht, éifeachtaí Sláinte Timpeallachta na Tionsclaíochta, Asma Ceirde, éifeachtaí Sláinte an Torainn agus Sláinteachas Oibre. Tá measúnachtaí tionchair sláinte an duine ullmhaithe agam do roinnt mhaith tionscadal, lena n-áirítear forbairtí bóthair ar nós an M20, N5, Cuarbhóthar Bhaile Átha Í, Cuarbhóthar an Náis agus an M28.

# 2 Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

2.1 Ba é an ról a bhí agam i dTionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe measúnú sláinte an duine a dhéanamh i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Tá mé ag obair ar an tionscadal ó 2016 i leith. Scríobh mé an chuid Sláinte an Duine de Chaibidil 18 den TMTT maidir le Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine.

# 3 Príomhcheisteanna maidir le Sláinte an Duine

3.1 Glactar leis gur léadh Caibidil 18 den TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris uirthi anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar na hiarratais i gcomhair ceada agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo agus chun comhthéacs a leagan amach do fhreagairt ar na hagóidí agus ar na haighneachtaí, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhíreanna a bhaineann leis an measúnacht ar shláinte an duine i leith na forbartha bóthair atá beartaithe agus a mhionsonraítear i gCaibidil 18 den TMTT.

3.2 Ó dhearcadh shláinte an duine de, is iad na daoine an timpeallacht ghlactha. Soláthraítear cur síos iomlán ar an timpeallacht ghlactha i gCuid 18.3 de Chaibidil 18 den TMTT. Áirítear leis sin cur síos ar:

- Grúpaí leochaileacha a shainaithint, mar shampla daoine atá díothach sa tsochaí, daoine faoi mhíchumas, daoine aosta, leanaí
- Próifíl pobail mar a shainaithnítear ag foilseacháin Lenus/FSS

3.3 Mar a leagtar amach in '*Environmental Impact Assessment of Projects Guidance on the preparation of the Environmental Impact Assessment Report'* (2017) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, is gné an-leathan é sláinte an duine a bhraitheann go mór ar an tionscadal ar leith. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar shláinte an duine i gcomhthéacs na ngnéithe eile in Airteagal 3(1) den Treoir MTT agus, mar sin, ceisteanna sláinte a bhaineann leis an timpeallacht (ar nós éifeachtaí sláinte ar ghrúpaí leochaileacha, neamhchosaint ó thorann tráchta nó aer). Rinneadh measúnú ar na tionchair shláinte a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Díríodh ar thrí phríomhréimse: cosaint sláinte, feabhas ar an tsláinte agus seirbhísí a fheabhsú.

**Cosaint Sláinte**

3.4 Maidir le sláinte an duine a chosaint, rinneadh measúnú ar na bealaí a bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an tsláinte. Go príomha, ba iad na bealaí sin torann, aer, ithir agus uisce, cé gur cuireadh aon réimse a raibh éifeacht fhéideartha aige ar shláinte an duine san áireamh.

3.5 Mionsonraítear an mhodheolaíocht a úsáideadh i ndáil le sláinte an duine a chosaint i gCuid 18.2.5 de Chaibidil 18 den TMTT. Le scéal fada a dhéanamh gearr, úsáidtear Caighdeáin Sláinte-Bhunaithe chun Cosaint Sláinte a mheas mar thoradh ar astaíochtaí comhshaoil. Socraítear Caighdeáin Sláinte-Bhunaithe chun cosaint in aghaidh drochéifeachtaí ar shláinte an duine. Roghnaítear an leibhéal ag a socraítear an caighdeán chun daoine leochaileacha, ní daoine láidre, a chosaint. Socraítear tomhais na gcaighdeán suntais ag leibhéil a chiallaíonn nach mbeidh aon éifeachtaí sláinte suntasacha ann. Tá an cur chuige "Caighdeán-bhunaithe" seo ag teacht le Treoirlínte is déanaí na hÉireann maidir leis an bhFaisnéis a bheidh i dTuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (Lúnasa 2017).

3.6 Díríodh sna sonraí a bailíodh maidir le cosaint sláinte an duine le haghaidh mo mheasúnachta ar thorthaí na measúnachtaí teicniúla (cosúil le torann, aer, ithir agus

uisce) a láimhseáiltear áit éigin eile sa TMTT, lena bhunú má tá aon éifeacht fhéideartha ar shláinte a bhaineann go díreach lena bhfuil beartaithe le tógáil agus le hoibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe. Féach, mar shampla:

- Caibidil 9 – Ithreacha agus Geolaíocht
- Caibidil 10 – Hidrigeolaíocht
- Caibidil 11 – Hidreolaíocht
- Caibidil 16 – Caighdeán an Aeir agus an Aeráid
- Caibidil 17 – Torann agus Creathadh

3.7 Ba é tátal na measúnachta a mhionsonraítear i gCaibidil 18 den TMTT nach mbeidh aon tionchair dhíobhálacha sláinte mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe trí astaíochtaí torainn agus aeir, ithreacha ná cáilíocht an uisce.

***Síceolaíoch***

3.8 Mar a luaitear i dTreoirlíne TMTT an Choimisiúin Eorpaigh, d'fhéadfadh tionchair fhéideartha sláinte a bhaineann leis an timpeallacht teacht chun cinn ó athruithe i gcúinsí maireachtála mar thoradh ar thionscadal agus rinneadh machnamh orthu sin i gCaibidil 18 den TMTT, tionchair fhéideartha shíceolaíocha san áireamh: féach, mar shampla, Cuid 18.5.6.1. Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh roinnt daoine corraithe i rith na tógála, is rud gearrthéarmach é sin agus ní cheaptar de ghnáth gur tionchar sláinte é sin. Tá roinnt buntáistí i dtéarmaí síceolaíochta agus baineann siad sin le hagaí taistil níos giorra, moill gan choinne etc. mar aon leis an trácht a bhogadh ar shiúl ó limistéir sa chathair ina bhfuil tranglam tráchta faoi láthair agus ina bhfuil daonra mór.

3.9 Is buntáiste tábhachtach freisin é an t-ionchas go mbogfar an trácht chuig bóithre atá go bunúsach níos sábháilte agus an t-ionchas maidir le timpistí tráchta laghdaithe agus líon na marbhán i dtimpistí. Ar ndóigh ní dhéanfaidh sé aon difear don éifeacht thromchúiseach fhéideartha a bheidh ar dhaoine a gceannófar a dtithe nó a dtailte uathu ar bhonn éigeantach. Cé gur ceapadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ón tús chun iarracht a dhéanamh an oiread réadmhaoine agus is féidir a sheachaint, tá líon mór réadmhaoin fós a chaithfear a cheannach agus cé go bhfaighidh na húinéirí cúiteamh airgid, tá sé tábhachtach a aithint go bhféadfadh na daoine sin a bheith faoi bhrú agus strus mar gheall ar an bpróiseas ar fad. Is tionchar diúltach féideartha ar shláinte an duine é an t-athrú doshéanta ar chúinsí maireachtála a bheidh ann mar thoradh ar fháil na dtithe agus na dtailte agus a thagann as tógáil agus oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe do na daoine sin a bhfuil tionchar orthu. Ní mór breathnú ar an éifeacht dhiúltach sin i gcomhthéacs thairbhí foriomlána na forbartha bóthair atá beartaithe, áfach.

***Feabhas ar an tSláinte agus Feabhas ar Rochtain Seirbhísí***

3.10 Sna sonraí a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar dheiseanna i gcomhair feabhsuithe sláinte agus rochtain ar sheirbhísí áiríodh faisnéis a bailíodh i rith na gcomhairliúchán poiblí forleathan lena n-áirítear cruinniú le hOspidéal na

hOllscoile, Gaillimh agus sonraí a tógadh as an tsamhail tráchta chun inrochtaineacht ar sheirbhísí a shainaithint.

3.11 Ó pheirspictíocht an phobail de is léir na buntáistí i dtéarmaí na cosanta sláinte, deiseanna i gcomhair feabhsuithe sláinte agus rochtain ar sheirbhísí. Cuimsítear áiseanna nua do choisithe agus do rothaithe i ndearadh an bhóthair. Cuirfear deiseanna ar fáil leis an tionscadal seo freisin Straitéis Iompair na Gaillimhe a fhorfheidhmiú go héifeachtach ina hiomláine, rud a dhéanfaidh soláthar d'iompar poiblí níos fearr agus d'úsáid mhéadaithe bhóithre lár na cathrach, a bhíodh lán le trácht throm roimhe sin, ag coisithe agus rothaithe.

3.12 Tríd is tríd, beidh agaí taistil níos lú mar thoradh ar an tionscadal ar gach modh taistil agus feabhsófar inrochtaineacht chuig príomháiteanna laistigh den chathair agus, go tábhachtach, ní bheidh ceann ar bith de na limistéir is mó míbhuntáiste faoi mhíbhuntáiste de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe.

3.13 Beidh rochtain níos éifeachtúla ar sheirbhísí éigeandála lena n-áirítear otharcharranna. Leis na hagaí rochtana laghdaithe ar na seirbhísí sin, cabhrófar i dtreo beatha daoine a shábháil.

3.14 Tá deiseanna suntasacha ann le haghaidh rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí, oideachas agus cúram sláinte san áireamh. Ina measc sin beidh siad sin a bhfuil cónaí orthu i gCathair na Gaillimhe agus ina purláin agus iad sin in iarthar na Gaillimhe. Ina gcás siúd a bhfuil cónaí orthu i gCathair na Gaillimhe agus ina purláin, éascóidh trácht laghdaithe feadh shráideanna na cathrach rochtain seirbhísí lena n-áirítear ionaid sláinte.

3.15 Go háirithe dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu lasmuigh de Chathair na Gaillimhe beidh rochtain fheabhsaithe acu ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus rochtain dá réir sin ar sheirbhísí eile lena n-áirítear ospidéil náisiúnta.

3.16 Ina gcás siúd a chaithfidh dul trasna lár na cathrach chun seirbhísí a rochtain tairgeann an fhorbairt bóthair atá beartaithe buntáistí áirithe. Cé go mbainfeadh gach duine tairbhe as sin, bainfidh siad sin atá ina gcónaí siar ó Abhainn na Gaillimhe an tairbhe is mó as. Ar an iomlán, dá bhrí sin, tá tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe ar shláinte an duine dearfach den chuid is mó.

3.17 Tá an cumas ann buntáiste socheacnamaíoch a bhaint amach lena n-áirítear fás geilleagrach agus an turasóireacht a fhorbairt. Aithnítear go maith go mbíonn tionchar dearfach ag stádas feabhsaithe socheacnamaíoch ar thorthaí sláinte. Tá an cumas ann le haghaidh fostaíocht mhéadaithe agus dífhostaíocht laghdaithe, go háirithe dífhostaíocht fhadtéarmach. Má bhaintear é sin amach, beidh buntáistí ann freisin i dtéarmaí sláinte shóisialta lena n-áirítear éagothroime shóisialta laghdaithe.

### Ar an Iomlán

3.18 Tá cuid mhaith buntáistí féideartha ag baint leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ó thaobh sláinte an duine de. Beidh iompar bóthair níos éifeachtúla dá bharr leis na tairbhí socheacnamaíocha féideartha ar fad, mar aon le rochtain ar sheirbhísí cosúil le cúram sláinte agus oideachas a théann leis. Beidh tairbhí ann freisin maidir le

rochtain ar sheirbhísí dóibh siúd atá leochaileach sa phobal, cosúil le daoine faoi mhíchumas. Beidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe níos sábháilte agus beidh níos lú timpistí dá bharr. Tá tairbhí féideartha ann freisin don daonra ó thaobh astaíochtaí tráchta de cosúil le torann agus astaíochtaí san aer faoin gcás “déan an méid is lú”. Beidh líonra reatha bóthair lár na cathrach níos fearr do choisithe agus do rothaithe.

3.19 Cé go bhfuil tairbhí ann don daonra agus don tsochaí, ní hionann sin is a rá go mbainfidh gach duine aonair tairbhe chothrom as. Go deimhin, cé go mbeidh tairbhí ann ó thaobh iompair, cáilíocht an aeir agus astaíochtaí torainn de don phobal, beidh torann níos airde ann do roinnt tithe cónaithe aonair ná mar a bheadh acu murach sin mar gheall ar fhoisceacht a dtithe don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Leis an measúnacht ar shláinte an duine, tagtar ar chothromaíocht idir an tairbhe don phobal/daonra go ginearálta agus an tionchar féideartha ar an duine aonair. Tá líon measartha ard tithe a bhfuil tionchar orthu ag an bhfáil/bhforbairt bóthair atá beartaithe de bharr an ionaid. Ní mór cothromaíocht a bheith ann, mar sin, idir soláthar an bhonneagair is gá d’fhorbairt shocheacnamaíoch an cheantair agus, go deimhin, cáilíocht bheatha na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí ann, agus an tionchar ar an duine aonair a raibh cónaí air in ionad ar leith ar feadh a shaoil agus a fhaigheann amach go bhfuil forbairt bóthair beartaithe anois dá áit chónaithe.

3.20 Mar a taispeánadh i gCaibidil 18 den TMTT, tá tionchar na forbartha bóthair atá beartaithe ar shláinte an duine sa daonra suntasach dearfach ar an iomlán. É sin ráite, ní dháiltear an tairbhe sin go cothrom go huathoibríoch, agus ba ghá machnamh a dhéanamh faoi dhaoine aonair lena chinntiú go ndírítear an maolú chun an tairbhe is mó agus na torthaí is lú díobhála a chinntiú.

3.21 Baineann an TMTT de thátal nach mbeidh aon tionchar tromchúiseach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláinte an duine agus mar a imlínítear thuas beidh tionchar dearfach ar an iomlán ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláinte an duine, go háirithe nuair a chuirtear iomláine na dtionchar ar Shláinte an Duine san áireamh.

3.22 Ní bheidh aon tionchar ag an mionathrú beartaithe ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire ar an measúnacht ar shláinte an duine atá sa TMTT agus i gcáipéis fhreagartha IFB.

3.23 Ní athraíonn an t-iarratas reatha ar chead pleanála atá ag OÉG (Tag 19/373) chun páirceanna imeartha breise a thógáil agus an dá iarratas ar fhorbairt straitéiseach tithíochta atá beartaithe (Ob_229 agus Ob_469 agus S_003) conclúidí an mheasúnaithe tionchair charnaigh ar Shláinte an Duine atá sa TMTT.

# 4 Freagraí ar Aighneachtaí/Agóidí

## 4.1 Forbhreathnú

4.1.1 Áirítear le 88 den 296 aighneacht a seoladh chuig an mBord Pleanála (ABP) maidir le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCG), Ráiteas Tionchair Natura (RTN), Scéim Mhótarbhealaigh (SM) agus Scéim Bóthair Chosanta (SBC) breithnithe a bhaineann go díreach le sláinte an duine. Lena chois sin, bhí aighneachtaí eile, a bhfuil mo chomhghleacaithe ag déileáil leo, a bhfuil éifeachtaí indíreacha acu, d'fhéadfá a rá, trí thorann nó trí astaíochtaí chuig an aer mar shampla. Téann mo chomhghleacaí, Eileen McCarthy, i ngleic le haighneachtaí a bhaineann le sábháilteacht agus le hoibreacha tógála ina Ráiteas Fianaise. Téann mo chomhghleacaithe, Leslie Brown (Hidrigeolaíocht) agus Tony Cawley (Hidreolaíocht), i ngleic le haighneachtaí a bhaineann le cáilíocht an uisce ina Ráitis Fianaise. Téann mo chomhghleacaí, Thomas Burns, i ngleic le haighneachtaí a bhaineann le soilse bóthair agus tionchair amhairc ina Ráiteas Fianaise ar Thírdhreach agus Amharc. Baineann trí cinn den 17 n-aighneacht a rinneadh do ABP i ndáil le hIarratas ar Fhaisnéis Bhreise le sláinte an duine. Tá liosta thíos de na míreanna a tarraingíodh anuas i ndáil le sláinte an duine agus tugtar freagra ar leithligh ar gach ceann de na haighneachtaí:

- tionchair torainn ar shláinte an duine
- tionchair cháilíocht an aeir ar shláinte an duine
- tionchair shíceolaíocha
- leorgacht na measúnachta ar shláinte an duine
- Caillteanas áise i gcomhair aclaíochta
- Foisceacht na forbartha bóthair atá beartaithe do scoileanna
- Athbhreithniú ag an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil de FSS
- Impleachtaí Sláinte ón Dramhaíl

## 4.2 Tionchair torainn ar Shláinte an Duine

### Ceisteanna

4.2.1 Ba chóir é a rá arís go bhfuil machnamh suntasach ar thionchair fhéideartha torainn a thagann chun cinn de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe leagtha amach i gCaibidil 17 den TMTT agus sa ráiteas fianaise i ndáil le Torann agus Creathadh a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal. Bunaíodh an machnamh ar na tionchair fhéideartha ar shláinte an duine a thagann chun cinn ón torann ar na leibhéil torainn atá tuartha a measadh sa TMTT. Bhí roinnt aighneachtaí/agóidí ann i ndáil le torann timpeallachta le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochta araon. Téitear i ngleic

leis an gcuid is mó acu sin, S_037, S_038, S_042, S_049, S_057, S_060, S_061, S_065, S_068, Ob_011, Ob_134, Ob_135, Ob_136, Ob 532.2 Ob_511.06, Ob_584, Ob_108_125, Ob_131_132, Ob_145.1, Ob_141.2, Ob_141.3, Ob_145.1, Ob_152, Ob_195, Ob_199, Ob_201, Ob_204, Ob_213, Ob_222, Ob_229, Ob_238, Ob_239_Ob_252, Ob_261, Ob_272, Ob_298, Ob_312, Ob_457.2, Ob_468.501, Ob_485, Ob_486, Ob_498, Ob_505, Ob_507, Ob_512.2, Ob_216, 531.01 agus Ob_155 san áireamh, mar is cuí, agus déanann mo chomhghleacaí Jennifer Harman é sin ina Ráiteas Fianaise ar thorann agus ar chreathadh, ach déileálfaidh mise go sonrach leis na gnéithe a bhfuil tionchar díreach acu ar shláinte an duine. Go deimhin, luaitear Treoirlínte réasúnta nua na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) i roinnt aighneachtaí. Eisíodh na Treoirlínte sin tar éis don TMTT a bheith críochnaithe agus, dá réir sin, is gá don Bhord na treoirlínte sin a chur san áireamh agus a Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta á dhéanamh.

4.2.2 Tarraingíodh anuas ceisteanna i ndáil le tionchar féideartha an torainn ar shláinte an duine sna haighneachtaí/hagóidí a leanas: Ob_220, S_008, S_061, Ob_457.2, Ob_521, Ob_517.14 agus Ob_523. Bhain siad seo le cur isteach, tionchair ar chodladh, tionchair ar dhaoine aonair leochaileacha mar aon le tionchair ghinearálta ar shláinte an duine.

## Freagra

4.2.3 Mar a leagtar amach i gCaibidil 17 den TMTT, ní mhairfidh torann tógála i bhfad agus maolófar tionchair fhéideartha an torainn tógála ag cleachtais chuí oibre agus uaireanta srianta oibre, atá ó 7am go 7pm Luan go hAoine agus 7am go 4pm Dé Sathairn. Seo é uasmhéid na n-uaireanta oibre agus ní mhairfidh na huaireanta chomh fada sin i ndáiríre d’aon ghabhdóir aonair. Mar sin, táthar ag súil go mbeidh éifeachtaí diúltacha ag an torann tógála orthu siúd atá díreach in aice na forbartha bóthair atá beartaithe faoin tógáil ach ní thuartar go dtarlóidh éifeachtaí diúltacha ar an tsláinte mar gheall ar thorann le linn tógála nuair a chuirtear fad ama na ngníomhaíochtaí sin san áireamh, mar aon le forfheidhmiú dian na mbearta maolaithe atá ar aon dul leis an dea-chleachtas agus BS 5228.

4.2.4 Taispeántar sna torthaí ón samhaltú torainn a rinneadh le haghaidh na céime oibríochta go bhféadfadh tionchar torainn féideartha a bheith ar réadmhaoin chónaithe cóngarach don fhorbairt bóthair atá beartaithe, mar sin féin, nuair a chuirfear dromchlú bóthair torannlaghdaitheach agus bacainní torainn i bhfeidhm, maolófar na tionchair fhéideartha sin.

4.2.5 Taispeántar sa mheasúnú torainn freisin go mbainfidh líon mór daoine laistigh den chathair tairbhe as toisc go gcuirfear an trácht atá ann faoi láthair ar shiúl ó na bealaí reatha agus, ó dhearcadh pobail de, tá éifeachtaí tairbheacha ann don phobal, bunaithe ar threoirlínte torainn oíche EDS, dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu feadh na mbóithre reatha ina laghdófar an trácht. Aithnítear go bhfuil roinnt tithe agus is beag acu atá ann, a sharódh Treoirlínte BIÉ, ach ní bheadh i gceist ach corrlach an-bheag, i.e. 1 nó 2dB – nach dtabharfadh daoine faoi deara ach ar éigean, agus ní mheastar go bhfuil tionchair mhóra sláinte acu.

4.2.6 I nDeireadh Fómhair 2018 d’eisigh an EDS Treoirlínte nua maidir le Torann Timpeallachta do Réigiún na hEorpa agus d’eisigh sí treoirlínte sonracha freisin maidir le torann bóthair. Achoimrítear príomhfhorálacha na dtreoirlínte sin thíos.

4.2.7 I gcás neamhchosaint ó thorainn, moltar ann leibhéil an torainn a dhéanann trácht bóthair a laghdú níos ísle ná 53 deicibeil (dB) $L_{den}$, toisc go bhfuil torann tráchta bóthair os a chionn sin bainteach le héifeachtaí díobhálacha sláinte.

4.2.8 I gcás neamhchosaint ó thorann oíche, mhol siad leibhéil an torainn a dhéanann trácht bóthair a laghdú níos ísle ná 45 deicibeil (dB) $L_{night}$, toisc go bhfuil torann tráchta bóthair oíche os a chionn sin bainteach le héifeachtaí díobhálacha ar chodladh.

4.2.9 Is díol suntais go gcuireann an EDS réasúnaíocht ar fáil maidir le leibhéil na dtreoirlínte seo. Tá leibhéal an 53 deicibeil (dB) $L_{den}$, bunaithe ar chritéir chur isteach seachas ar éifeachtaí níos tromchúisí sláinte. Go deimhin, tugtar le fios sna Treoirlínte gur dóchúil go mbeadh an leibhéal socraithe ag thart ar 59.3 deicibeil (dB) $L_{den}$, dá mba rud é go raibh an leibhéal á shocrú ar chritéir Chardashoithíocha as féin. Tá an figiúr sin ag teacht go dlúth le Treoirlínte BIÉ de 60 dB $L_{den}$. Arís, is fiú féachaint ar an gcaoi a ríomhtar é sin dáiríre. Ríomhtar go coimeádach é ag leibhéal an torainn a d’fhéadfadh a bheith ag baint le méadú 5% i riosca coibhneasta imeachta chardashoithíoch. Do thromlach mór na ndaoine, tá riosca an imeachta chardashoithíoch sa bhliain atá ag teacht níos lú ná 1%. Do dhuine aonair a bhfuil an riosca 1% sin aige, fiú agus na héifeachtaí is measa a chur san áireamh, is é 1.05% an riosca. Mar sin, is difríocht é nach dtabharfá faoi deara ar bhonn an duine aonair. Go simplí, is éifeacht é nach bhfuil chomh suntasach ar chor ar bith le gnéithe riosca eile, agus is é sin an fáth nach gcuirtear san áireamh é mar ghné agus do riosca cardashoithíoch féin á ríomh agat. Tríd is tríd, níl sé suntasach ó thaobh an duine aonair de. É sin ráite, nuair a fhéachann tú air ó thaobh daonra mór de, ar nós daonra na hEorpa, is féidir le hathruithe beaga fiú difríocht shuntasach a dhéanamh. Sin an fáth go mbaineann treoirlínte an EDS le daonraí agus ní le daoine aonair. Tá an leibhéal 45dB $L_{night}$, bunaithe ar shuaitheadh codlata ach is cúis ionaidh é b’fhéidir cé chomh coimeádach is atá na leibhéil nuair a thuigtear nach seasann an leibhéal sin ach do 3% den daonra a thuairiscíonn an suaitheadh codlata iad féin. Chun é sin a chur i gcomhthéacs a thuilleadh, fiú ag leibhéil 55dB $L_{night,}$ a measadh sa TMTT sular eisíodh Treoirlínte reatha an EDS, fós féin níor thuairiscigh ach 6% de dhaoine suaitheadh codlata.

4.2.10 Luaitear go sonrach sna Treoirlínte, “*d’fhonn éifeachtaí sláinte a laghdú, molann an GFT (Grúpa Forbartha Treoirlínte) go láidir go gcuireann déantóirí beartais bearta cuí i bhfeidhm chun neamhchosaint ó thorann tráchta bóthair a laghdú i measc an daonra atá neamhchosanta ó leibhéil os cionn luachanna na dtreoirlínte do mheán-nochtadh agus nochtadh oíche torainn. Le haghaidh idirghabhálacha sonracha, molann an GFT an torann a laghdú ag an bhfoinse agus ar an mbealach idir an fhoinse agus an daonra a bhfuil tionchar orthu le hathruithe sa bhonneagar.”*

4.2.11 Ach cén chaoi ar féidir na treoirlínte seo a thabhairt le chéile le trácht bóthair in áit ar bith? Is é an fhírinne go mbaineann na treoirlínte seo le daonraí. Aithníonn an

EDS nach mbeidh gach teach aonair faoin leibhéal 45dB $L_{night.}$ Cinnfear an cheist i ndáil leis an measúnacht ar an tionchar ar shláinte, áfach, bunaithe ar an tionchar foriomlán ar an daonra. Ós rud é go mbeidh tionchair dhearfacha daonra den chuid is mó mar gheall ar thorann timpeallachta, go háirithe sa chéim oibríochta, bheadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ag teacht le Treoirlínte an EDS.

4.2.12 Ceist eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn ná an chomparáid idir treoirlínte an EDS agus treoirlínte BIÉ. Caithfear cuimhneamh, áfach, go bhfuil cuspóirí difriúla acu. Aithnítear go fonnmhar nach bhféadtar treoirlínte an EDS a bhaint amach go réasúnta do gach teach ar leith. Léiríonn na sonraí ó threoirlínte EDS roimhe seo, mar shampla, go sáraíonn i bhfad sa bhreis ar 50% de dhaonra na hEorpa na leibhéil sin. Ar shlí amháin ciallaíonn sin nach féidir iad a bhaint amach ar bhonn gabhdóra aonair ach gur féidir iad a thuiscint mar threoir do dhaonra i gcoitinne. Ní mór féachaint ar threoirlínte BIÉ mar chuspóir indéanta, áfach, chun daoine aonair a chosaint. Is léir freisin go bhfuil na leibhéil a mholtar ag teacht leis na héifeachtaí sláinte níos tromchúisí a bhaineann le torann timpeallachta ar nós éifeachtaí cardashoithíocha. Níor chóir a mheas go bhfuil treoirlínte BIÉ agus an EDS in iomaíocht le chéile, ach go gcomhlánaíonn siad a chéile. Ar shlí shimplí, ba chóir treoirlínte BIÉ a úsáid i ndáil le gabhdóirí aonair ar nós tithe, agus ba chóir treoirlínte an EDS a mheas ó thaobh an daonra i gcoitinne de.

4.2.13 Úsáidtear treoirlínte BIÉ nuair a mholtar an maolú, mar shampla. Is beag difríocht i gcleachtas atá idir tionchar an torainn díreach faoi bhun na leibhéal agus os a gcionn, mar shampla. Tá siad tábhachtach, áfach, agus sa chomhthéacs pleanála is iad na treoirlínte cuí le húsáid ar ndóigh. Ní thagann na treoirlínte sin faoi seach salach ar a chéile nuair a thuigtear go bhfuil feidhmeanna difriúla acu.

## 4.3 Tionchair Cháilíocht an Aeir

### Ceisteanna

4.3.1 Bhí roinnt aighneachtaí/agóidí ina n-ardaítear ceisteanna i ndáil le tionchair ar shláinte an duine mar thoradh ar athruithe ar cháilíocht an aeir le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochta araon. Déileáladh le cuid mhaith acu sin, lena n-áirítear Ob_011, Ob_131, Ob_155, Ob_534, Ob_584, S_007, S_037, S_038, S_041, S_042, S_045, S_046, S_048, S_055, Ob_136, Ob_511.06, Ob 532.2, S_068, Ob_131_132, Ob_141.2, Ob_199, Ob_311, Ob_505, Ob_507, Ob_512.2, Ob_523 agus S_065 roimhe seo ag mo chomhghleacaí Sinead Whyte ina Ráiteas Fianaise maidir le cáilíocht an aeir agus an aeráid, ach freagróidh mise ceisteanna sonracha a bhfuil tionchar díreach acu ar shláinte an duine.

4.3.2 Tarraingíodh anuas tionchair shonracha sláinte i ndáil le cáilíocht an aeir sna haighneachtaí/hagóidí a leanas: Ob_111, Ob_158, Ob_220, S_062, S_045, S_048, S_049, S_007, S_055, S_056, S_049.2, S_062.

## Freagra

4.3.3 I ndáil le cáilíocht an aeir, ag glacadh leis na bearta maolaithe atá beartaithe a mhionsonraítear i gCuid 16.6 de Chaibidil 16 Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid den TMTT, i dtaca le rialú deannaigh agus astaíochtaí eile san aer i rith chéim na tógála agus an tréimhse ama sách teoranta a bheidh i gceist ní thuartar go dtiocfaidh aon tionchar tromchúiseach chun cinn ar shláinte an duine i rith chéim na tógála.

4.3.4 Deimhnítear leis an mionsamhaltú mionsonraithe a rinneadh (a phléifidh mo chomhghleacaí Sinead Whyte a thuilleadh ina Ráiteas Fianaise) nach sárófar na Caighdeáin maidir le Cáilíocht an Aeir, fiú na gabhdóirí cás is measa, is iad sin na gabhdóirí is dóchúla a mbeidh tionchar orthu i.e. na cinn is gaire don fhorbairt bóthair. Tá na tiúchain atáthar a thuar ag teacht le leibhéil treorach na hEagraíochta Domhanda sláinte do gach truailleáin seachas $PM_{2.5}$ a bhfuiltear ag tuar faoi go mbeidh méadú beag ar an méid treorach de 10 $\mu g/m^3$. Tá sé sin amhlaidh de bharr an tiúchain cúlra aird de 9.5 $\mu g/m^3$ a úsáidtear le haghaidh $PM_{2.5}$. Cé go bhfuil sárú ar leibhéal treorach na hEagraíochta Domhanda Sláinte le haghaidh $PM_{2.5}$ á thuar, tá na tiúchain uile i gcomhréir leis an gcaighdeán aercháilíochta reachtúil de 20 $\mu g/m^3$. Is beag an t-athrú, mar sin, idir an cás 'gan dada a dhéanamh' agus níl an t-athrú ar leibhéal a mbeadh tionchar aige ar shláinte an duine. Dá bharr sin, ní sháraítear na Caighdeáin maidir le Cáilíocht an Aeir ná Treoirlínte an EDS ar Cháilíocht an Aeir maidir le truailleáin, ach amháin $PM_{2.5}$ atá ann é féin mar thoradh ar choinníollacha bonnlíne, agus ar an gcaoi sin cosnaítear daoine leochaileacha ar nós daoine a bhfuil asma orthu, seandaoine, daoine an-óg nó daoine atá tinn i gcoitinne le linn na céime oibríochta. Cuirtear na caighdeáin maidir le Cáilíocht an Aeir i láthair i dTábla 18.6 (Lch. 1485-1486) de Chaibidil 18.

4.3.5 I ndáil leis na haighneachtaí a tharraingíonn ceisteanna anuas maidir le néaltrú agus riochtaí néareolaíocha a bhaineann le bheith i do chónaí gar do phríomhbhóithre (mar shampla Ob_534), ceann de na tagairtí a luadh ná alt Chen (Chen H et al *Living near major roads and the incidence of dementia, Parkinsons Disease and multiple sclerosis: a population Based cohort study*. Lancet Volume 389 No 10070 p718-736) a féachadh air roimhe seo i gCuid 18.2.5.2 sa TMTT, leathanaigh 1454/5. Tabharfaidh mé roinnt tuairimí i ndáil leis seo. Cé go bhfuil roinnt fianaise ann ina nasctar leibhéil mhéadaithe truaillithe aeir, agus ábhar an-cháithníneach b'fhéidir, le riochtaí néareolaíocha, níor bhain sé sin le forbairtí bóthair amháin ar aon chaoi. Go deimhin, sainaithníodh an tionchar a luadh i ndáil le halt Chen laistigh de 50m ó mhórbhealach il-lána an-ghnóthach. An ghné thábhachtach anseo ná fíorcháilíocht an aeir. Tá cáilíocht bhunlíne an aeir i réigiún na Gaillimhe an-mhaith. Ní léirítear aon tionchar suntasach ná sárú ar chaighdeáin cháilíocht an aeir leis na tionchair a thuartar do chéim tógála agus oibríochta an tionscadail seo. Déanta na fírinne, bheadh feabhas le feiceáil i gcáilíocht an aeir i roinnt ceantair i gcomparáid leis an gcás 'gan dada a dhéanamh'. Ní bheidh tionchar suntasach díobhálach ar cháilíocht an aeir in aon cheantar mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus, mar sin, ní bheidh aon tionchair dhíobhálacha sláinte, lena n-áirítear riosca méadaithe néaltrú nó riochtaí néareolaíocha eile.

4.3.6 Tarraingítear anuas ceisteanna gaolmhara i roinnt aighneachtaí/agóidí i ndáil le daoine aonair íogaire a fhulaingíonn le hasma mar aon le riochtaí scamhóige eile.

Tugtar sampla sonrach de pháiste le fadhbanna riospráide. Chuathas i ngleic le hábhar na ndaoine íogaire i gCuid 18.3.4.1 de Chaibidil 18 den TMTT. Tá sé tábhachtach a thuiscint go mbíonn daoine leochaileacha i ngach pobal. Tá na caighdeáin sláinte-bhunaithe, caighdeáin cháilíocht an aeir san áireamh a imlínítear i dTábla 18.6 de Chaibidil 18 den TMTT, ann chun na daoine leochaileacha, ní daoine láidre, a chosaint. Mar a léiríodh, ní shárófar caighdeáin cháilíochta an aeir agus, mar sin, cosnófar gach duine, na daoine leochaileacha san áireamh.

4.3.7 Mar aon le leochaileacht na ndaoine aonair le riochtaí reatha leighis, tagraítear don fhéidearthacht go gcruthófar tinneas i roinnt aighneachtaí/agóidí mar gheall ar cheisteanna cáilíochta an aeir. Is iad na riochtaí a luaitear sa chomhthéacs seo galar scamhóige, galar cardashoithíoch, ailse agus moill néarafhorbartha. Cé go nglactar leis go bhfuil an cumas ag leibhéil an-arda de thruailleáin aeir éifeachtaí suntasacha díobhálacha ar an tsláinte a chruthú (lena n-áirítear roinnt de na riochtaí a luaitear thuas), tá sé tábhachtach a thuiscint nach ceist é sin ag na leibhéil ina bhfuil siad i nGaillimh. Arís, tá na Caighdeáin Sláinte-Bhunaithe ann chun sláinte an duine a chosaint. Ós rud é nach sárófar Caighdeáin Cháilíochta an Aeir, is féidir linn a bheith muiníneach nach dtarlóidh aon riochtaí nua sláinte. Go deimhin, sa chomhthéacs iomlán, tuartar go dtiocfaidh feabhas éigin ar cháilíocht an aeir leis an trácht ag bogadh amach ó bhealaí plúchta lár na cathrach le daonra réasúnta ard in aice láimhe. I gcomparáid le haon cheantar uirbeach san Eoraip tá cáilíocht an aeir i nGaillimh an-mhaith, agus coinneoidh sé leis a bheith an-mhaith, agus tá sé i bhfad níos fearr ná an t-aer i gcodanna eile den domhan ar nós na Síne nó na hIndia lena mbaineann éifeachtaí suntasacha sláinte.

# 4.4 Tionchair Timpeallachta agus Éifeachtaí Síceolaíocha

## Ceisteanna

4.4.1 Tagann ceisteanna chun cinn i roinnt aighneachtaí/agóidí i ndáil le tionchair fhéideartha struis agus shíceolaíocha. Luaitear struis ghinearálta a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe i gcuid de na haighneachtaí/hagóidí sin, ach luaitear struis shonracha i gcuid eile a bhaineann leis an méid tithe a gheofar go héigeantach. Áirítear leo sin struis ar na daoine aonair a bhfuil baint dhíreach acu ach freisin na daoine nach bhfuil baint dhíreach acu ach a bhfuil baint indíreach acu trí chaillteanas comharsana, cairde agus, i roinnt cásanna, pobail a bhfuil tionchar orthu.

4.4.2 Tarraingíodh anuas na pointí sin sna haighneachtaí/hagóidí seo a leanas: Ob_136; S_004, S_027, S_065, Ob_141 Ob_613, S_037, S_010, S_020, Ob_531.01, Ob_532; S_025 agus S_066.

## Freagra

4.4.3 Déantar measúnú ar ábhar na dtionchar síceolaíoch féideartha i gCuid 18.5.6.1 de Chaibidil 18 den TMTT, mar is cuí i gcomhthéacs Threoir TMTT an Choimisiúin Eorpaigh, inar pléadh gurbh fhéidir tionchair fhéideartha timpeallacht-bhunaithe ar an tsláinte teacht chun cinn i ndálaí maireachtála mar thoradh ar thionscadal. Is fiú

a rá, ar dtús, go bhfaighidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe réidh le tranglam as lár na cathrach agus an baol go mbeidh achrann idir trácht feithiclí agus coisithe agus rothaithe, rud a laghdódh dá bharr líon na n-imbhuailtí agus na mbásanna a d'fhéadfadh tarlú. Bheadh tionchar mór dearfach ag seachaint básanna agus díobhálacha tromchúiseacha ar bhonn aonair, ach bheadh tionchar tromchúiseach ollmhór ag díobháil nó ag bás den sórt sin ar theaghlach, cairde agus ag comhghleacaithe an duine sin a fhágann gur féidir leis tionchar níos leithne a bheith aige ar shláinte shíceolaíoch an phobail. Go deimhin, d'fhéadfadh tionchair shíceolaíocha thromchúiseacha a bheith ag an gcás "Gan Dada a Dhéanamh". Fágfaidh agaí taistil níos faide agus éiginnteacht an t-am ar fad go mbeidh daoine corraithe ar a laghad ar bith agus, níos measa ná sin, fágfaidh siad tionchar ar shláinte shíceolaíoch an duine má théann an cás go cnámh na huillinne.

4.4.4 É sin ráite, mar a shonraítear i gCuid 18.5.3 agus 18.5.4 den TMTT, cruthófar roinnt deighilt fhisiceach agus shóisialta ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. I gcás ina dtarlaíonn deighilt d'fhéadfadh tionchar síceolaíoch a bheith aige sin. Éiríonn daoine uaigneach má mhothaíonn duine scoite amach mar shampla. Agus ina choinne sin d'fhéadfadh tionchar síceolaíoch dearfach a bheith ann i gcás ina gcruthaíonn nascacht fheabhsaithe éascaíocht gluaiseachta níos fearr timpeall na cathrach. D'fhéadfadh sé sin naisc níos dlúithe a éascú le cairde nó gaolta rud a bhféadfaí cur isteach orthu dá gceapfaí go raibh turais fada nó deacair.

4.4.5 Tríd is tríd, mar sin, beidh an measúnú ar an tionchar síceolaíoch ar dhaonra pobail dearfach ar an iomlán. Mar sin féin, seans nach mothóidh daoine áirithe, go háirithe iad sin a gcaithfear a gcuid tithe a fháil go héigeantach uathu, an tairbhe pobail. Is fíor a rá gur féidir imní nó eagla éigin a bheith i gceist i gcás aon athrú a bheartaítear, go háirithe athrú atá chomh suntasach le fáil tí nó tailte ag údarás poiblí le haghaidh forbartha bóthair. Bheadh an scéal amhlaidh d'aon tionscadal ach nuair a thagann an crú ar an tairne, i gcuid mhaith cásanna, ní bhíonn na fadhbanna chomh mór i bhfírinne is a bhíothas buartha faoi. Go deimhin, mar a fheictear i dtionscadail eile dá leithéid, forbairtí bóthair san áireamh, téann daoine i dtaithí ar an saol nua i gcuid mhaith cásanna. Cé go dtuartar tionchair shíceolaíocha fós, is féidir na héifeachtaí sin a laghdú, go pointe áirithe ar a laghad, trí chumarsáid agus trí chomhaontú luath le cuid mhaith de na daoine a bhfuil tionchar orthu ionas go mbeidh cinnteacht ann, agus tá bearta ar leith curtha i bhfeidhm anseo mar a mhínigh Eileen McCarthy. Glactar leis go mbeidh tionchar síceolaíoch suntasach diúltach ar na daoine sin a bhfuil tionchar díreach orthu leis an bhfáil éigeantach agus, go deimhin, is é sin an éifeacht dhíobhálach aonair is measa ó thaobh sláinte an duine de ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Is féidir an éifeacht thuartha sin a íoslaghdú go pointe áirithe, áfach, agus tiocfaidh biseach ar na daoine aonair lena mbaineann agus coinneoidh siad orthu ag caitheamh gnáthshaol i gcúinsí ina bhféadfaidh siad athlonnú leis an gcúiteamh a fhaigheann siad as fáil a dtithe nó a dtailte.

## 4.5 Leorgacht na Measúnachta ar Shláinte an Duine

### Ceisteanna

4.5.1 Tugadh le tuiscint i roinnt aighneachtaí/agóidí nach leor an tionchar ar shláinte an duine a mhionsonraítear i gCaibidil 18 den TMTT.

4.5.2 Tarraingíodh anuas an pointe sin sna haighneachtaí/agóidí seo a leanas: S_004, S_023, S_024 agus S_070, lena n-áirítear an aighneacht a rinne an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i ndáil leis an bhFreagra IFB maidir lena athbhreithniú ar an TMTT, inar moladh an mheasúnacht tionchair ar shláinte an duine.

### Freagra

4.5.3 Mar a deirtear i gCuid 18.2.5 de Chaibidil 18 den TMTT, chloígh an mheasúnacht ar Shláinte an Duine le treoirlínte na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) i dtéarmaí ábhar agus modheolaíocht na measúnachta. Lena chois sin, is léir go gcuimsítear ceisteanna a shainaithnítear i dTreoirlíne TMTT an Choimisiúin Eorpaigh i gCaibidil 18, ar nós tionchair fhéideartha sláinte a bhaineann leis an timpeallacht a d'fhéadfadh teacht chun cinn, mar shampla, ó athruithe i gcúinsí maireachtála mar thoradh ar thionscadal. Úsáideadh Caighdeáin Sláinte-Bhunaithe sa mhodheolaíocht chun Cosaint Sláinte a mheas mar thoradh ar astaíochtaí comhshaoil.

4.5.4 Tá an cur chuige "Caighdeán-bhunaithe" seo ag teacht le Dréacht-Treoirlínte an GCC maidir leis an bhFaisnéis a bheidh i dTuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (Lúnasa 2017): *'Déantar an measúnú ar éifeachtaí ar na bealaí sin trí thagairt do chaighdeáin ghlactha (idirnáisiúnta go hiondúil) sábháilteachta maidir le dáileog, neamhchosaint nó riosca. Ar a sheal, tá na caighdeáin sin bunaithe ar imscrúdú leighis agus eolaíoch ar na héifeachtaí díreacha ar shláinte den tsubstaint, éifeacht nó riosca aonair. Leis an gcleachtas seo go mbraitear ar theorainneacha, ar dháileoga agus ar thairseacha i gcomhair bealaí timpeallachta ar nós aeir, uisce nó ithreach, cuirtear cosaintí láidre iontaofa sláinte [critéir chosanta] ar fáil i gcomhair anailíse a bhaineann leis an timpeallacht.*' (Cuid 3, leathanach 29). Lena chois sin, socraítear Caighdeáin Sláinte-Bhunaithe chun cosaint in aghaidh drochéifeachtaí ar shláinte an duine. Socraítear tomhais na gcaighdeán suntais ag leibhéil a chiallaíonn nach mbeidh aon éifeachtaí sláinte suntasacha ann. Sampla amháin ná Caighdeáin Cháilíochta an Aeir – nach gá go n-eisiann siad gach uile éifeacht. Seans go dtabharfaidh duine aonair greannú beag sealadach faoi deara sa scornach beagán faoi Chaighdeán Cáilíochta an Aeir ach ní athrófaí an stádas bunúsach sláinte.

4.5.5 Tugadh faoi athbhreithniú ar an treoir reatha agus atá ag teacht chun cinn maidir le measúnú sláinte i Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta anuas ar athbhreithniú litríochta, mar a imlínítear i gCuid 18.2.5.2 de Chaibidil 18 den TMTT, ar na tionchair sláinte ó fhorbairtí bóthair.

4.5.6 Ba chóir a thabhairt faoi deara cé gur cloíodh le treoirlínte GCC, go ndeachaigh an mheasúnacht ar Shláinte an Duine céim eile chun cinn agus féachadh ar an tsláinte ar bhealach i bhfad ní b'iomlánaíche, anuas ar an gcosaint sláinte, agus féachadh ar dheiseanna d'fheabhsúcháin sláinte mar aon le rochtain ar sheirbhísí. Chloígh an mheasúnacht leis an treoir údarásach is déanaí. Mar shampla, eisíodh plécháipéis ag an Institute for Environmental Management and Assessment (IEMA) sa RA in 2017 dar teideal *Health in Environmental Impact Assessment - A Primer for a Proportionate Approach*, a gcuirtear síos air mar bhunleabhar i gcomhair plé faoin méid ar chóir a bheith sa mheasúnacht chomhréireach ar na tionchair ar an tsláinte sa TMTT. Úsáideadh é seo mar theimpléad don mheasúnacht. Ina theannta sin, mar a luaitear thuas, tá an mheasúnacht ar Shláinte an Duine ag teacht le Treoir TMTT an Choimisiúin Eorpaigh (2017) freisin.

4.5.7 Clúdaíodh sa mheasúnacht ar Shláinte an Duine don tionscadal seo, ní hamháin na réimsí traidisiúnta ar nós cosaint sláinte, féachaint ar astaíochtaí ó na céimeanna oibríochta agus tógála, ach freisin féachadh ar an tsláinte sa chiall níos leithne ó thaobh thionchair na dtairbhí socheacnamaíocha de anuas ar thairbhí sláinte agus rochtain ar sheirbhísí. Cuimsíodh ann athbhreithniú deisce ar thionchar féideartha, ach freisin féachadh ar an tionchar ar shláinte an duine agus na caighdeáin ábhartha agus Treoirlínte á n-úsáid ar nós Caighdeáin Cháilíochta an Aeir, treoirlínte Torainn BIÉ mar aon le treoirlínte EDS. Féachadh ar thionchair fhéideartha ar an tsláinte fhisiceach agus shíceolaíoch araon.

4.5.8 Cé go ndéantar roinnt moltaí san aighneacht ón tSeirbhís Sláinte Comhshaoil de FSS, a dtéann mo chomhghleacaithe i ngleic leo, is léir freisin gur cheap siad go raibh an mheasúnacht a rinneadh sa TMTT leordhóthanach agus cuimsitheach.

4.5.9 Bhainfinn de thátal as mar sin gur leor an mheasúnacht mar a léiríodh ag Treoirlínte an GCC agus ní hamháin sin, ach bhí sé go hiomlán ag teacht leis an dea-chleachtas ó thaobh measúnacht a dhéanamh agus gur leor é don Bhord, mar údarás inniúil, chun Measúnú Tionchair Timpeallachta a dhéanamh.

## 4.6 Caillteanas áise i gcomhair aclaíochta

### Ceisteanna

4.6.1 Tarraingíodh anuas ceist an chaillteanais áise don aclaíocht fhisiceach le linn na céime tógála den fhorbairt bóthair atá beartaithe i roinnt aighneachtaí/agóidí. Bhain na ceisteanna sin go háirithe le dúnadh codanna de champas spóirt OÉG le linn na tógála.

4.6.2 Áirítear leis na haighneachtaí inar tarraingíodh é sin anuas S_004, S_010, S_020, S_022, S_024, S_027, Ob_523 agus S_049.

### Freagra

4.6.3 Treoraítear an Bord chuig Cuid 18.5.3.3 de Chaibidil 18 den TMTT go háirithe agus, cé gur fíor go bhfuil tionchar ar Champas Spóirt OÉG le linn tógáil an tarbhealaigh, íoslaghdaítear an tionchar ag soláthar d'áiseanna eile. Arís, imlínítear iad sin i gCuid 18.5.3.3 de Chaibidil 18 den TMTT. É sin ráite, ní bhainfidh an

tionchar sin nuair a bheidh an bóthar i mbun oibríochta agus beidh deiseanna aclaíochta ann. Ar an iomlán, mar sin, ó thaobh áise de, ní bhaineann na tionchair ó thaobh deiseanna de ach go gearrthéarmach le linn na tógála amháin.

## 4.7 Foisceacht do scoileanna

### Ceisteanna

4.7.1 Tarraingítear ceisteanna anuas i roinnt aighneachtaí/agóidí faoin bhfoisceacht scoileanna don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus go háirithe Scoil Pháirc na Sceach.

4.7.2 Is iad na haighneachtaí/hagóidí inar tarraingíodh anuas an cheist seo: S_028, S_074, Ob_151, Ob_510, Ob_5.11.06, S_003, Ob_531.2, Ob_523, Ob_049.2, S_076 agus Ob_220.

### Freagra

4.7.3 Déileálfaidh mé leis na ceisteanna a bhaineann leis an tsláinte a eascraíonn ón torann agus ó cháilíocht an aeir. Téann mo chomhghleacaí, Eileen McCarthy, i ngleic le haighneachtaí a bhaineann le sábháilteacht ina Ráiteas Fianaise. Imlínítear na tionchair fhéideartha ar scoileanna lena n-áirítear Scoil Pháirc na Sceach, ach freisin Scoil Náisiúnta Cholmcille Naofa a áiríonn áiseanna do Leanaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais mar aon leis an Réamhscoil Beoga ghaolmhar, i gCuid 18.5.6.1 de Chaibidil 18 den TMTT (lgh. 1538-1546). Pléitear tionchair a bhaineann le torann, creathadh, cáilíocht an aeir, uisce, ithreacha agus éifeachtaí síceolaíocha sa chuid seo. Go bunúsach, ní thuartar aon éifeachtaí suntasacha diúltacha ar na háiseanna sin.

## 4.8 Aighneacht na Seirbhíse Sláinte Comhshaoil de FSS

### Ceist

4.8.1 Rinne Seirbhís Sláinte Comhshaoil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) aighneacht i ndáil leis an bhFreagra IFB tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an TMTT. Déanann an aighneacht seo, S_078, moltaí le haghaidh bearta maolaithe, go háirithe comhairliúchán poiblí leanúnach le linn na tógála. Tugtar le fios ann gur cheap sé gur leor agus gur cuimsitheach an mheasúnacht a rinneadh sa TMTT.

### Freagra

4.8.2 Tá an aighneacht seo tábhachtach go háirithe i dtéarmaí shláinte an duine toisc gurb é FSS an comhlacht reachtúil ábhartha ó thaobh measúnacht sláinte an duine de. San aighneacht sin, tarraingítear anuas roinnt moltaí a bhféadfadh saineolaithe eile déileáil leo ar shlí níos oiriúnaí ach ba mhaith liom codanna d'aighneacht FSS a fhreagairt mar a bhaineann siad leis an measúnacht ar shláinte an duine sa TMTT. I gcuid 1 den aighneacht, luaitear go gcuirtear "cur síos cuimsitheach ar fáil den

fhorbairt atá beartaithe" sa TMTT agus deirtear ina dhiaidh sin go bhfuil "achoimre bheacht den fhorbairt atá beartaithe ar fáil san Achoimre Neamhtheicniúil". Tugtar an chonclúid sin faoi deara.

4.8.3 Deirtear i gcuid 2 d'aighneacht FSS "nach bhfuiltear ag súil go mbeidh aon cheadanna de dhíth níos déanaí de réir na faisnéise a chuirtear ar fáil sa TMTT a bhaineann le hastaíochtaí go huisce dromchla agus screamhuisce, agus astaíochtaí go haer, torann agus creathadh san áireamh." Arís, tugtar an chonclúid sin faoi deara.

4.8.4 Déileáiltear le hábhar an chomhairliúcháin i gCuid 3 agus i dtaca leis seo tá an aighneacht an-soiléir go bhfuil "an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil sásta go ndearnadh dóthain comhairliúcháin i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe bunaithe ar an bhfaisnéis atá sa TMTT."

4.8.5 I gcuid 4 d'aighneacht FSS, a bhaineann leis an timpeallacht fhisiceach, deir an aighneacht go dtugann "*an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil faoi deara an reachtaíocht, na foinsí sonraí agus na comhairliúcháin dá dtagraítear in ullmhúchán na caibidle ar dhaonra agus ar shláinte an duine. Beidh roinnt mhaith scartála agus fálacha tithe cónaithe agus tráchtála i gceist le forbairt Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, agus déantar measúnú ar a dtionchair sa TMTT."* Aighnítear gur aitheantas atá sa ráiteas sin ag an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil go ndearnadh measúnú cuí ar an ábhar casta seo.

4.8.6 Tá moltaí ann i ndáil le hidreolaíocht agus hidrigeolaíocht mar aon le cáilíocht an aeir agus torann agus creathadh a bhfuil mo chomhghleacaithe ag déileáil leo ach, ó dhearcadh shláinte an duine de, creidim go dtéitear i ngleic leis na moltaí seo.

4.8.7 I ndáil leis na deiseanna do shochar sláinte agus feabhsú sláinte, sainaithnítear san aighneacht an tslí inar aibhsíodh é sin sa TMTT agus go bhfuil sé ar aon dul le Beartas FSS Sláinte do Chách.

4.8.8 Mar achoimre, mar sin, is léir go bhfuil an aighneacht dearfach den chuid is mó don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus gur féachadh ar na moltaí i ndáil le sláinte an duine.

## 4.9 Impleachtaí Sláinte ón Dramhaíl

### Ceist

4.9.1 Cuirtear an tuairim a leanas in iúl in Ob_583.01 i ndáil leis na himpleachtaí sláinte ón dramhaíl.

*"An féidir leat a dheimhniú nach gcuirfear aon aislíonadh tocsaineach i limistéar an chairéil a mbeidh impleacht sláinte aige do dhaoine áitiúla agus don phobal i gcoitinne?"*

## Freagra

4.9.2 Ní dhiúscrófar aon dramhaíl i gCairéal Leacaigh. Téitear i ngleic le diúscairt dramhaíola i gCuid 7.6.8 de Chaibidil 7 (Gníomhaíochtaí Tógála) den TMTT mar a leanas:

*"Is Conraitheoirí amháin, a bhfuil ceadanna bailithe dramhaíola bailí acu, a bhaileoidh an dramhaíl go léir a thógfar ón láithreán, faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráidí) 2007 agus Rialacháin (Leasú) 2008, 2014, 2015. Beidh ceadúnais nó ceadanna dramhaíola iomchuí ag gach saoráid a dtabharfar dramhaíl chucu, faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú, agus na rialacháin faoi sin, a thabharfaidh deis dóibh an cineál dramhaíola a sheolfar ann a ghlacadh. Íoslaghdófar giniúint dramhaíola guaisí, agus déanfar aisghabháil ar dhramhaíl den sórt sin nuair is féidir, agus ní dhéanfar diúscairt air ach amháin nuair nach féidir é a aisghabháil. Déanfar dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú de réir na reachtaíochta iomchuí".*

Chuaigh mo chomhghleacaí, Eileen McCarthy, i ngleic leis an diúscairt dramhaíola freisin ina Ráiteas Fianaise. Téann mo chomhghleacaí, Juli Crowley, i ngleic leis na Limistéir Sil-leagain Ábhair i gCairéal Leacaigh ina Ráiteas Fianaise ar Ithreacha agus Geolaíocht. Téann Juli Crowley i ngleic freisin le tionchair fhéideartha na ngníomhaíochtaí tógála ar an timpeallacht ithreacha agus gheolaíochta.

# 5 Conclúid

5.1 Rinneadh measúnacht chuimsitheach ar éifeachtaí féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe agus fálacha na réadmhaoine ar Shláinte an Duine atá ag teacht, ní hamháin le dréacht-treoirlínte is déanaí an GCC agus treoir eile (lena n-áirítear ón gCoimisiún Eorpach agus ó Institute for Environmental Management and Assessment na RA), ach leis an dea-chleachtas freisin. Cé nár cuireadh san áireamh iad sa TMTT bunaidh (toisc nach raibh siad foilsithe an tráth sin), féachadh ar threoirlínte an EDS ar thorann mar a mhionsonraítear thuas. Is léir, cé gur dearadh na treoirlínte sin do dhaonra seachas do dhaoine aonair, go mbeidh éifeacht dhearfach ar an bpobal i bhfírinne nuair a bhogtar an trácht amach ó dhaonraí (mar a tharlóidh leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe). Ó thaobh shláinte an duine de, tá an tionchar measta dearfach ar an iomlán, cé go nglactar leis nach ionann an cás do gach uile dhuine aonair. Teorannaítear fairsinge na n-éifeachtaí díobhálacha, áfach, ag na bearta maolaithe atá beartaithe. Ó thaobh Cosaint Sláinte de, ní bheidh éifeachtaí suntasacha díobhálacha ó thaobh astaíochtaí de – cibé acu ón torann nó ón aer – fiú do na daoine aonair agus do na gabhdóirí is leochailí (ar nós scoileanna). Féachadh ar éifeachtaí síceolaíocha an tionscadail freisin agus, arís, cé gur aithníodh go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ann do roinnt daoine, go háirithe dóibh siúd a mbeidh orthu bogadh óna dteach, tá éifeachtaí dearfacha ann ó dhearcadh an phobail i gcoitinne de. Mar shampla, ní chuirfear isteach go laethúil ar dhaoine an méid céanna as a bheith sáinnithe sa trácht agus beidh deiseanna níos fearr aclaíochta agus rochtain níos fearr ar sheirbhísí acu. Tá mórthionchair dhearfacha ann, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, níos lú timpistí bóthair, rochtain níos fearr ar sheirbhísí éigeandála, mar aon le ligean don fhorbairt shocheacnamaíoch – a mbeidh éifeacht dhearfach acu uile ar dhaoine agus ar shláinte an duine.

Rinneadh breithniú iomlán ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí maidir leis na tionchair fhéideartha ar shláinte an duine, agus tar éis machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna sin, tá conclúidí an mheasúnaithe tionchair ar shláinte an duine fós mar a leagtar amach sa TMTT, i.e., meastar go bhfuil an tionchar ar shláinte an duine ón bhforbairt bóthair atá beartaithe dearfach ar an iomlán.